**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2013 (23.05) (OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2011/0389 (COD) 2011/0359 (COD)**

**9518/13**

**LIMITE**

**DRS 97**
**CODEC 1061**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ó: | An Ardrúnaíocht |
| Chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9379/13 DRS 93 CODEC 1024<br>9380/13 DRS 94 CODEC 1025 |
| Uimh. an togra ón gCoim.: | 16971/11 DRS 121 CODEC 2039<br>16972/11 DRS 122 CODEC 2040 |
| Ábhar: | ***Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais an 29-30 Bealtaine 2013***<br>Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúchóireachtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite<br>Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn<br>- Díospóireacht bheartais |

## I. <u>RÉAMHRÁ</u>

1. An 7 Nollaig 2011, thíolaic an Coimisiún dhá thogra a chuimsíonn athbhreithniú ar an Treoir maidir le hIniúchóireachtaí (An tOchtú Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí) (16971/11) ar thaobh amháin agus Rialachán maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí ar an taobh eile (16972/11).

2. D'eascair na tograí sin as an bPáipéar Uaine ón gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2010, lenar cuireadh tús leis an gcomhairliúchán faoin mBeartas Iniúchóireachta mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais ar fud an domhain agus i gcomhthéacs an athchóirithe ar an margadh airgeadais. Leis an bPáipéar Uaine, chuathas i mbun díospóireachta maidir le ról agus le feidhm an iniúchóra i dtimpeallacht oibríochtúil na n-iniúchóirí agus i gcomhthéacs na cobhsaíochta airgeadais i gcoitinne. Is cur chuige cuimsitheach é an dá thogra in éineacht, ceann acu le haghaidh Treorach agus an ceann eile le haghaidh Rialacháin, chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna leathana i réimse na hiniúchóireachta.

## II TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN

3. Faoi Uachtaránacht na Danmhairge agus na Cipire, scrúdaigh an Mheitheal um Dhlí na gCuideachtaí na tograí ón gCoimisiún den chéad uair agus phléigh siad ábhair shonracha.

4. Faoi Uachtaránacht na hÉireann, reáchtáladh cruinnithe an 9 Eanáir, an 23 Eanáir, an 6 Feabhra, an 20 Feabhra, an 6 Márta, an 20 Márta, an 3 Aibreán, an 17 Aibreán, an 29-30 Aibreán agus an 15 Bealtaine 2013

5. Chuathas i mbun caibidlíochta ar seacht gcinn de phacáistí comhréitigh ón Uachtaránacht, uimhir 1-3, 4a, 4b, 5a agus 5b, a chumhdaíonn ábhair shonracha a bhaineann le tograí maidir le hiniúchóireacht.

6. Agus í ag cur leis na tograí comhréitigh a tháinig roimhe sin sna Pacáistí thuasluaite, chuir an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh comhdhlúite (9379/13 agus 9380/13, an 13 Bealtaine 2013) maidir leis an Treoir agus leis an Rialachán araon faoi bhráid Mheitheal na Comhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Bealtaine.

7. Shainaithin an Uachtaránacht na trí shaincheisteanna seo a leanas, bunaithe ar an bplé a rinneadh ar leibhéal na Meithle: sealaíocht shainordaitheach iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta; teorannú ar sholáthar seirbhísí iniúchóireachta airgeadais gaolmhara agus cosc ar sheirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad; agus comhar na gcomhlachtaí náisiúnta formhaoirseachta iniúchóireachta.

8. Tá rún ag an Uachtaránacht treoir pholaitiúil a lorg ón gComhairle Iomaíochais 29 Bealtaine 2013, chun cuidiú léi teacht ar chomhréiteach ar na saincheisteanna sin. Chun struchtúr a chur ar an díospóireacht sa Chomhairle, d'ullmhaigh an Uachtaránacht na ceisteanna a leagtar amach faoi phointe III.

9. Tiocfaidh an Mheitheal le chéile an 31 Bealtaine agus an 14 Meitheamh chun téacsanna comhréitigh na hUachtaránachta a phlé tuilleadh, bunaithe ar an treoir a iarrfar ar na hAirí a thabhairt ar leibhéal na Comhairle.

10. Ag an am céanna, tá dul chun cinn déanta ag Parlaimint na hEorpa i dtaca leis an dréacht-Treoir agus leis an dréacht-Rialachán; ghlac an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla a thuarascáil maidir leis na tograí an 25 Aibreán 2013.

## III. CEISTEANNA DON DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS

### 1. Sealaíocht shainordaitheach iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta Eintitis Leasa Phoiblí

Ag féachaint don ghá atá ann ardcháilíocht iniúchóireachta a áirithiú, lena n-áirítear neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí go háirithe i gcás Eititeas Leasa Poiblí, rud a chuirtear i mbaol le tionacht fhada iniúchóireachta gnólachtaí reachtúla iniúchóireachta/iniúchóirí reachtúla, agus ag feachaint do ról sochaíoch na hiniúchóireachta tacú le sláine an chórais eacnamaíoch agus roghanna feasacha eacnamaíocha na n-infheisteoirí a éascú, mhol <u>an Coimisiún</u> forálacha, sa Rialachán, lena n-éilítear sealaíocht shainordaitheach iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta tar éis uastréimhse 6 bliana, tréimhse a fhéadfar a shíneadh, in imthosca eisceachtúla, go hocht mbliana. Mhol an Coimisiún freisin gur 9 mbliana ar a mhéid a mhairfeadh na tréimhsí fostaíochta i gcás ina mbeadh dhá iniúchóir reachtúil nó níos mó nó dhá ghnólacht iniúchóireachta nó níos mó (iniúchóireacht chomhpháirteach) ceaptha ag eintiteas leasa poiblí, agus go bhféadfaí an tréimhse sin a shíneadh, ar bhonn eisceachtúil, go 12 bhliain.

Léirigh <u>na toscaireachtaí</u> tuairimí éagsúla i leith na sealaíochta sainordaithí sa phlé a rinne an Mheitheal.

Mar chomhréiteach, foráiltear sa togra ón Uachtaránacht an 13 Bealtaine d'uastréimhse fostaíochta de 7 mbliana (8 mbliana i gcás iniúchóireachta compháirtí), ar féidir í a athnuachan go ceann 7 mbliana eile ar a mhéid (8 mbliana i gcás iniúchóireachta comhpháirtí) ach critéir áirithe a shásamh. Ina theannta sin, foráiltear sa chomhréiteach ón Uachtaránacht go bhféadfaidh Eintiteas Leasa Poiblí a iarraidh ar údarás inniúil, ar bhonn eisceachtúil, síneadh eile a dheonú chun an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a cheapadh an athuair go ceann 2 bhliain eile ar a mhéid (3 bliana i gcás iniúchóireachta comhpháirtí).

***Ceist: An aontófá leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht i dtaca le sealaíocht shainordaitheach iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta ar mhaithe le comhréiteach?***

## 2. Teorannú ar sholáthar seirbhísí iniúchóireachta airgeadais gaolmhara agus Cosc ar sheirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad

Chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanaí atá sé an neamhspleáchas agus an sceipteachas gairmiúil a athneartú, mhol an Coimisiún srian a chur ar na seirbhísí is ceadmhach d'iniúchóirí reachtúla agus do ghnólachtaí iniúchóireachta Eintiteas Leasa Poiblí dul ina mbun, agus chuir sé i dtreis gur chóir don iniúchóir díriú ar an iniúchóireacht. Mhol an Coimisiún idirdhealú a dhéanamh idir na seirbhísí seo a leanas:

1. seirbhísí iniúchóireachta - príomhghníomhaíocht an iniúchóra;

2. seirbhísí iniúchóireachta airgeadais gaolmhara - is ceadmhach laistigh de theorainneacha áirithe;

3. seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad atá lánchontrátha leis an bhfeidhm leasa phoiblí atá ag an iniúchóireacht i leith an eintitis iniúchta i ngach cás - ní ceadmhach;

4. seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad atá lánchontrártha leis na seirbhísí iniúchóireachta - thabharfaí de chumhacht don choiste iniúchóireachta nó don údarás inniúil, de réir an cháis atá i gceist, cinneadh a dhéanamh an bhféadfar na seirbhísí sin a chur ar fáil don eintiteas iniúchta nó nach bhféadfar.

Mhol an Coimisiún go ndéanfaí na táillí do sholáthar seirbhísí iniúchóireachta airgeadais gaolmhara a theorannú go nach mó ná 10 % de na táillí a d'íoc an t-eintiteas a ndearnadh iniúchóireacht air as an iniúchóireacht reachtúil.

Chuir na toscaireachtaí in iúl go raibh amhras orthu an bhféadfadh iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta seirbhísí iniúchóireachta airgeadais gaolmhara a sholáthar a mhéid is gá nó a mhéid a éilítear leis an reachtaíocht, de dheasca an teorannaithe sin.

Chun an imní sin a thógáil díobh agus chun teacht ar chomhréiteach réasúnach, mhol an Uachtaránacht an tairseach sin a ardú go nach mó ná 70 % de na táillí a íocadh i dtréimhse trí bliana ar bith. Ina theannta sin, ní áireofaí seirbhísí a bhaineann le hiniúchóireacht a fhorchuirtear le reachtaíocht an Aontais.

Faoin togra ón Uachtaránacht, beidh an teorannú sin infheidhme maidir leis na seirbhísí uile nach bhfuil ar liosta na seirbhísí coiscthe ("an dúliosta") atá molta.

Ba mar fhreagairt ar iarraidh ó na toscaireachtaí córas simplí a leagan amach i dtaca le seirbhísí ceadaithe/coisthe, agus sin amháin, a d'fhorbair an Uachtaránacht an coincheap maidir le liosta de sheirbhísí coiscthe ("an dúliosta") agus ábhar an liosta sin, agus cead ag na hiniúchóirí gach seirbhís eile nach bhfuil ar an liosta sin a sholáthar. Ceapadh é freisin chun neamhspleáchas na n-iniúchóirí a bhaint amach agus chun coinbhleacht leasa a sheachaint, mar a raibh tuairimí éagsúla ag an meitheal maidir leis an mbealach a bhféadfaí sin a dhéanamh agus maidir leis na seirbhísí sonracha a cheart a chosc.

***Ceisteanna: An aontófá leis an bprionsabal gur dúliosta, agus sin amháin, a bheadh ann?***
***An aontófá le hábhar an dúliosta sin mar atá beartaithe sa chomhréiteach ón Uachtaránacht (9380/13)?***
***An aontófá leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht go gcuirfí teorainn le soláthar seirbhísí ceadaithe go nach mó ná 70 % de na táillí a íocadh i dtréimhse trí bliana ar bith, gan seirbhísí a bhaineann le hiniúchóireacht a fhorchuirtear le reachtaíocht an Aontais a chur san áireamh?***

## 3. Comhar na gcomhlachtaí náisiúnta formhaoirseachta iniúchóireachta

Leis an togra ón gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán, foráiltear do chomhar ar fud an AE i ndáil le formhaoirseacht iniúchóireachta idir na húdaráis inniúla náisiúnta faoi choimirce an Údaráis Eorpaigh Urrús agus Margaí (ESMA). Ghlacfadh an coiste atá beartaithe cúraimí air féin a dhéanadh an Grúpa Eorpach Comhlachtaí Formhaoirseachta Iniúchóireachta (GECFI) roimhe seo, ar grúpa saineolaithe é a bhfuil an Coimisiún mar chathaoirleach air.

Thacaigh na toscaireachtaí i gcoitinne leis an smaoineamh go leanfaí leis an gcomhar idir comhlachtaí náisiúnta formhaoirseachta iniúchóireachta ar leibhéal AE, ach bhí tuairimí éagsúla acu maidir le cé acu comhlacht AE ar cheart na cúraimí a shannadh dó agus maidir le cuid de na cúraimí breise a beartaíodh freisin.

Tháinig dhá rogha eile chun cinn go dtí seo sa phlé a rinneadh ar leibhéal na Meithle. An togra comhréitigh ón Uachtaránacht an 13 Bealtaine, ina ndéantar iarracht aghaidh a thabhairt ar an amhras a bhí ar roinnt toscaireachtaí maidir leis an togra ón gCoimisiún, trí fhoráil do Choiste Chomhlachtaí Eorpacha Formhaoirseachta Iniúchóireachta (CEAOB) faoi choimirce ESMA, ar a mbeidh comhaltaí GECFI agus ag a mbeidh cumhachtaí cinnteoireachta. Mhol roinnt toscaireachtaí rogha eile ar ESMA (9531/13 an 14 Bealtaine 2013), eadhon an comhar atá ann cheana faoi GECFI a threisiú trí chomhlacht a bhunú, de bhíthin Treorach, dá ngairfear Comhlachtaí Formhaoirseachta Bhord Eorpach na nIniúchóirí (EBAOB), agus GECFI a dhíscaoileadh ag an am céanna, tríd an ionstraim faoinar bunaíodh é (COM-Cinneadh 2005/090/CE) a aisghairm- de bhíthin Treorach nó Rialacháin.

***Ceist: An aontófá leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht maidir le Coiste Chomhlachtaí Eorpacha Formhaoirseachta Iniúchóireachta (CEAOB) a bhunú faoi choimirce ESMA ar mhaithe le comhréiteach?***

## III. CONCLÚID

**Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn ón Uachtaránacht a leagtar amach i bpointe II a chur faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais an 29 Bealtaine 2013 agus a iarraidh uirthi díospóireacht bheartais a bheith aici bunaithe ar na ceisteanna a leagtar amach i bpointe III.**